S8

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

---

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II

**(120 marc)**

---

**AN AOINE, 7 MEITHEAMH - MAIDIN, 10.15 go dtí 12.15**

---

**Thall**

**ROINN I - PRÓS LITEARTHA [30 marc]**


**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

**(Ní gá dul thar leathanach sa fhreagairt uait ar an gCeist seo ar fad. )**

## Fiosracht na hÓige

(Tá saoire an tsamhraidh á caitheamh ag Órlaith agus Peadar i dteach a seanmháthar. Trasna ón teach tá seanchaisleán, áit a bhfuil seandálaí darb ainm Proinsias Ó Beacháin ag déanamh tochailte. Éiríonn Órlaith agus Peadar amhrasach agus fiosrach faoin a bhfuil ar siúl ann nuair a fheiceann siad solas sa chaisleán go déanach oíche i ndiaidh oíche. Beartaíonn siad ar an scéal a fhiosrú dóibh féin.)



"Cad atá ar siúl agaibhse? Ní ceart daoibh a bheith ag fánaíocht timpeall na háite seo i lár na hoíche!" D'iompaigh an bheirt acu. An *seandálaí! An seandálaí ar chas siad leis tráthnóna! Lig Órlaith osna aisti le háthas. Bhí faitíos uirthi go raibh an bheirt fhear tar éis teacht orthu.

"Chonaiceamar an carr," ar sise go tapa. "Agus tá beirt fhear istigh sa chaisleán ansin! Féach isteach más mian leat! Tá **brathadóir miotail acu agus iad ag lorg rud éigin." "Tá an ceart aici," arsa Peadar. "Breathnaigh tú féin go bhfeicfidh tú!" "Déanfaidh mé sin i gceann cúpla nóiméad," arsa Proinsias Ó Beacháin, an seandálaí, go mífhoighneach leo. "Ach abhaile libhse! Ní theastaíonn uaim sibh a fheiceáil istigh anseo go deo arís." "Fiú i rith an lae?" arsa Órlaith go díomách. D'fhéach sí sna súile ar an seandálaí. "Níl a fhios agam go fóill. Feicfimid! Anois imígí libh ar an bpointe nó beidh ormsa sibh a thabhairt ar ais mé féin. Teastaíonn uaim na fir seo a fheiceáil! Bígí ciúin. Cloisfear sibh," ar seisean.

Leis sin rith an bheirt fhear a bhí istigh sa túr tharstu. Ní raibh seans ag éinne faic a dhéanamh. Rith siad i dtreo an chairr, léim siad isteach ann agus d'imigh leo ar nós na gaoithe. "Anois féach cad atá déanta agaibh!" arsa Proinsias Ó Beacháin go fíochmhar. "Ná habair focal eile liom! Imígí libh!".

D'imigh Órlaith agus Peadar gan focal eile astu. Níor labhair siad go dtí gur shroich siad an teach. "Cén saghas seandálaí é sin?" arsa Órlaith. Cad a bhí ar bun aige ag fánaíocht timpeall i lár na hoíche? "Níl a fhios agam," a d'fhreagair Peadar.

Go tobann rug Órlaith greim ar láimh a dearthár. "Cogar a Pheadair, cén chaoi a rachaimid isteach sa teach? Níl aon eochair againn," ar sise agus crith ina glór. "Marófar sinn má bheirtear orainn." Bhain an chaint preab as Peadar. Bhí an ceart aici. Bheadh a seanmháthair ar buile leo dá mbeadh orthu í a dhúiseacht chun iad a ligean isteach nó dá mbéarfadh sí orthu agus iad ag éalú isteach trí fhuinneog i ngan fhios di. Thosaigh an bheirt acu ag argóint faoin gcaoi ab fhearr le dul isteach.

Ar deireadh d'imigh Peadar leis ar feadh tamaill féachaint an raibh fuinneog ar chúl an tí ar oscailt. D'fhan Órlaith mar a raibh sí os comhair an dorais tosaigh, ag stánadh ar an gcaisleán. Ní raibh an seandálaí imithe fós. Nárbh ait an rud é sin? Bhí a charr páirceáilte faoi rún aige thuas an bóthar. Cad a bhí ar bun aige?

Bhí an t-ádh leo mar bhí fuinneog ar oscailt ar chúl an tí agus dhreap siad isteach tríthi i ngan fhios dá seanmháthair. Chuaigh Órlaith go dtí a seomra codlata. Ach ní fhéadfadh sí codladh. Ar deireadh d'éirigh sí agus shuigh cois na fuinneoige ag féachaint trasna ar an gcaisleán. Bhí sé ciúin agus diamhair faoi sholas na gealaí.

(Sliocht athchóirithe as an úrscéal **An Solas sa Chaisleán** le **Muireann Ní Bhrolcháin**)

---

***Gluais*:**
* *seandálaí*: duine a bhíonn ag obair (ag tochailt) ar láithreacha stairiúla.
** *brathadóir miotail*: gléas chun rudaí déanta as miotal a aimsiú.

## <u>Ceisteanna (iad ar cómharc)</u>

### A ( <u>Buntuiscint</u> )

**(i)** Cén fáth a ndeachaigh Órlaith agus Peadar amach go dtí an seanchaisleán i lár na hoíche? (Is leor **<u>dhá phointe</u>** eolais.)

**(ii)** "Anois féach cad atá déanta agaibh!" arsa Proinsias Ó Beacháin go fíochmhar. Mínigh an chúis ar labhair sé mar seo le hÓrlaith agus le Peadar. (Is leor **<u>dhá phointe</u>** eolais.)

**(iii)** "Go tobann rug Órlaith greim ar láimh a dearthár". Breac síos **<u>dhá chúis</u>** a ndearna Órlaith é seo.

### B ( <u>Léirthuiscint Ghinearálta</u> )

**(i)** Luaigh **<u>dhá thréith</u>** a bhain le Proinsias Ó Beacháin, an seandálaí, dar leat. I gcás **<u>ceann amháin</u>** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** An dóigh leat go raibh rud éigin rúnda (nó faoi cheilt) ar siúl sa seanchaisleán? Tabhair **<u>dhá chúis</u>** mar thaca le do fhreagra.

**(iii)** "Bhí sé ciúin agus diamhair faoi sholas na gealaí." Mínigh a bhfuil i gceist san abairt seo, dar leat. Is leor **<u>dhá phointe</u>** eolais.

---

**<u>Ceist 2</u>.** Freagair **A** <u>nó</u> **B** anseo. **(Ní gá dul thar <u>leathleathanach</u> i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

### <u>A</u>

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge <u>nó</u> úrscéal Gaeilge <u>nó</u> dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1** thuas. <u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

**<u>nó</u>**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin ábhar úd agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

### <u>B</u>

**(i)** Maidir le do rogha **<u>ceann amháin</u>** de na *cineálacha daoine* seo a leanas ainmnigh gearrscéal Gaeilge <u>nó</u> úrscéal Gaeilge <u>nó</u> dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an *cineál sin duine* i gceist ann. <u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

| | | |
|---|---|---|
| (a) Duine uaigneach | (b) Duine glic | (c) Duine amaideach |
| (d) Duine fiosrach | (e) Duine deas | (f) Drochdhuine |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *gcineál duine* atá roghnaithe agat.

(**<u>Nóta</u>**: I gcás **A** <u>nó</u> **B** thuas tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann i rith do chúrsa.)

---

**Thall**

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó **B**.

*[ Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat. ]*

### An Bhean Siúil

Cnag géar
A rap sí ar an doras
Ciseán ina láimh
Í ag craitheadh leis an bhfuacht.

Í gléasta
Go giobalach
A gruaig fhada dhubh
Go sliobarnach aimhréidh.

Thug mé di cúpla pingin,
Is bhí sí go haerach
Thug dom buíochas 'gus beannacht
Agus d'imigh go héasca.

(le **Mícheál Ó Conghaile**)

**Gluais:**

**(L.2)** rap: bhuail;
**(L.6)** go giobalach: i seanéadaí
**(L.8)** go sliobarnach aimhréidh: gan slacht, gan chíoradh

### An Gadaí

Amach i lár na hoíche
Is sinne inár luí
Bhí duine gránna éigin
Ag siúl ar fud an tí.

D'fhéach gach rud ceart ar maidin
Is sinne go léir ag ithe
Nuair d'fhéach mo Dhaid faoin teilifíseán
Ár bhfíseán nua imithe!

Deir Mam gur maith an rud é
Ach ní aontaímid léi!
Imithe ag an ngadaí –
Nach mór an náire é!

(le **Máire Áine Nic Ghearailt**)

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

#### A ( Buntuiscint )

**(i)** Cén pictiúr den bhean a tharraingítear i **línte 3-8** den dán *An Bhean Siúil*? (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(ii)** Sa dán *An Gadaí*, cad a tharla ar maidin? (Is leor **dhá phointe** a lua.)

**(iii)** Cad a thug an file don bhean sa dán *An Bhean Siúil*? Cá bhfios dúinn go raibh sí sona sásta agus í ag imeacht?

#### B ( Léirthuiscint )

**(i)** Cad é an *mothúchán* is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán *An Gadaí*? Conas a chuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair?

**(ii)** Cén fáth nach n-aontaíonn an chlann le Mam sa dán *An Gadaí*, dar leat?

**(iii)** Tabhair cuntas **gairid** ar chosúlacht **amháin** nó ar dhifríocht **amháin** atá idir an dá dhán, dar leat.

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas. Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

**nó**

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de na *mothúcháin* seo thíos i gceist ann. Ní mór teideal an dáin sin, maraon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

| | | |
|---|---|---|
| (a)Áthas | (b) Díomá | (c) Fearg |
| (d) Grá | (e) Éad | (f) Bród |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *mothúchán* atá roghnaithe agat, agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *mothúchán* sin os ár gcomhair.

**Thall**

**ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]**

Freagair do rogha **<u>trí cinn</u>** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**

*[ <u>I gcás **A, B** agus **C** bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat</u>. ]*

**<u>A</u>** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as ***www.beo.ie***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# <u>Seal ar Reachlainn</u>

Oileán is ea Reachlainn ar chósta Aontroma: mar a bheadh domhan eile ar snámh idir Éire agus Alba. Níl ach ochtó duine ar fad ina gcónaí ar an oileán.

Tá sí an-taitneamhnach mar áit, más maith leat áit chiúin agus siúlóidí breátha. Tá radharcanna iontacha ann trasna na farraige go hoileáin na hAlban agus dúlra iontach ann fosta. In aice leis an teach solais tá áit shábháilte do na héin. Is féidir seasamh ar ardán agus amharc ar na mílte éan mara.

Nuair a bhíonn an taoide amuigh ligeann na róin a scíth ar na carraigeacha ach caithfear fanacht amach uathu, nó imíonn siad leo isteach san fharraige.



**Radharc de chuid Reachlainn**

**(i)** Cé mhéad duine a chónaíonn ar an oileán?

**(ii)** Breac síos **<u>dhá shampla</u>** den dúlra iontach atá ar an oileán.

**<u>B</u>** **(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas (as ***Foinse***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

"Tá méadú leanúnach ar an éileamh ar leabhair i nGaeilge do pháistí le tamall de bhlianta anuas agus caithfear tógáil air sin chun déagóirí a choinneáil ag léamh agus chun deimhin a dhéanamh den chéad ghlúin eile de léitheoirí Gaeilge."

Sin mar a dúirt Colmán Ó Raghallaigh, an scríbhneoir agus an foilsitheoir as Co. Mhaigh Eo, agus é ag labhairt ag Seimineár Earraigh Leabhair Pháistí Éireann in Ionad Ealaíne an *Belltable* i Luimneach an deireadh seachtaine seo caite.

D'fháiltigh sé roimh an gCuraclam nua Gaeilge do bhunscoileanna, mar a bhfuil an bhéim anois ar an léitheoireacht mar rud taitneamhach agus ina mbeidh leabhair seachas téacsanna scoile mar ábhar léitheoireachta ag na scoláirí, rud a rachaidh chun tairbhe na múinteoirí agus na scoláirí araon.



**(i)** Cad atá tarlaithe le tamall de bhlianta anuas?

**(ii)** Cén fáth ar fháiltigh Colmán roimh an gCuraclam nua Gaeilge do bhunscoileanna?

Luaigh **dhá phointe** eolais.

**C**


Léigh an sliocht seo a leanas (as ***An tEolaí***) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(10 marc)**

# Tá sé ag Teacht

I Mí Mheán Fómhair na bliana 2000 tháinig réalteolaithe ar astaróideach réasúnta mór. Ceapann na réalteolaithe go sroichfidh an t-astaróideach comharsanacht an domhain i Mí Mheán Fómhair na bliana 2030.

Meastar go bhfuil sé chomh mór le hárasán, idir 30m agus 70m ar fad. Ní fios an oighear, nó gairbhéal, nó carraigeacha móra nó iarann atá ann.

Más oighear nó gairbhéal atá ann brisfidh sé suas go hiomlán san atmaisféar sula sroichfidh sé dromchla an domhain agus ní dhéanfaidh sé dochar ar bith. Más carraig nó miotal atá ann agus má bhuaileann sé i gcoinne an domhain (tá seans amháin as 500 go dtarlóidh sé sin) beidh sé cosúil leis an astaróideach a bhuail Tunguska na Sibéire in 1908. Ar ámharaí an tsaoil ní raibh duine ar bith ina chónaí in Tunguska an uair sin.



**(i)** Cathain a shroichfidh an t-astaróideach comharsanacht an domhain, de réir na réalteolaithe?

**(ii)** Cén fáth nár maraíodh aon duine nuair a bhuail an t-astaróideach Tunguska sa bhliain 1908?

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as ***www.beo.ie***) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó (1) go dtí (11). Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos . (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.)


Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna (5) = maithe", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

# Éire ar an Léarscáil

Má tá tú caillte sa chibearspás, is beag suíomh idirlín atá ann **(1)** do shuíomh ar an domhan a chinntiú, go **(2)** má tá tú **(3)** Éirinn. Tá athrú ag teacht ar an scéal seo de **(4)** a chéile agus tá léarscáileanna **(5)** de Bhaile Átha Cliath curtha ar fáil anois ag comhlachtaí bogearraí. Anuas air sin, tá **(6)** ildaite saitilíte d'Éirinn ar fáil freisin. Is féidir seoladh foirgnimh a chlóscríobh **(7)** agus a shuíomh a fheiceáil **(8)** léarscáil. Má tá an foirgneamh i gcathair mhór, **(9)** féidir grianghraf breá den fhoirgneamh sin a fheiceáil freisin, léiriú breá ar **(10)** atá suimiúil agus **(11)** ag an am céanna.



**Liosta focal**: maithe [Bearna (5)]; réir; isteach; chun; is; ar; háirithe; in; pictiúir; theicneolaíocht; scanrúil.



**Thall**

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** nó **B** nó **C** anseo. (**Ná gá dul thar leathleathanach i do fhreagra)**

### A

Tá post samhraidh agat agus tá tú ag fanacht i dteach d'uncail. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig do thuismitheoirí ag insint dóibh i dtaobh a bhfuil ar siúl agat ann.

I do litir luaigh

- an saghas poist atá agat
- rud **amháin** faoi na daoine atá ag obair leat
- rud **amháin** faoin bpost nach maith leat
- pointe **amháin** faoi do shaol sóisialta ann
- rud **amháin** faoin saol i dteach d'uncail

### B

Bhí tú ag cluiche mór le déanaí. Shíl tú go raibh an réiteoir go maith cé go raibh go leor daoine eile ag gearán faoi/fúithi. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig clár spóirt TG 4 ag cur do thuairimí faoin scéal ar fad in iúl.

I do litir luaigh

- na foirne a bhí ag imirt sa chluiche agus an áit a raibh sé ar siúl
- **dhá** chúis a raibh tú sásta leis an réiteoir
- gearán **amháin** a bhí ag daoine eile faoin réiteoir
- moladh **amháin** uait a chabhródh le réiteoirí, dar leat

### C

Léigh tú alt i nuachtán Gaeilge faoin ábhar ***Tá an Óige Imithe ó Smacht***. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh a raibh san alt sin.

I do litir luaigh

- **dhá** mhórphointe a bhí san alt ar an ábhar
- **dhá** thuairim uait féin ar an ábhar
- pointe **amháin eile** faoin alt